**Conas an treoirleabhar seo a úsáid**

Spreagann na hEalaíona sa tSraith Shóisearach rannpháirtíocht ghníomhach agus gearrscannán in úsáid sa seomra ranga. Sna ceisteanna agus sna gníomhaíochtaí thíos, tugtar sampla beag de na bealaí a d'fhéadfaí an scannán seo a úsáid sa seomra ranga. Beidh ar mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar chomhthéacs, ar aois agus ar ghaois a gcuid scoláirí agus iad ag pleanáil conas is fearr an scannán a úsáid agus an acmhainn seo a chur in oiriúint dá réir.

**Na Príomhscileanna:** A Bheith Cruthaitheach | Cumarsáid | Obair le Daoine Eile | Mé Féin a Bhainistiú

## Sula bhféachann tú ar an ngearrscannán

Smaoinigh ar an réamheolas a bheidh ag an scólaire

- An bhfaca tú dráma riamh (in aon teanga)?
- Cá raibh an dráma sin ar siúl? An féidir leat scéal an dráma a insint dúinn?
- Cad é an rud is tábhachtaí duit agus tú ag féachaint ar dhráma nó scannán?
- Déan liosta de na rólanna éagsúla, dar leat, a bheadh i gceist chun dráma a chur ar an stáitse. Bain úsáid as www.foclóir.ie mar chabhair (más gá).

## Le linn féachaint ar an ngearrscannán


Anois, is féidir an gearrscannán a stopadh in áiteanna éagsúla chun díriú ar pháirt

- Is maith le Darach (bunaitheoir) a bheith ag obair lena lámha. Cen sórt oibre is fearr leat?
- Ar úsáid tú puipéid riamh? Ar ghlac tú páirt in aon d ráma riamh?
- Tagann an focal 'Fibín' ó seanfhocal. Cad iad na sheanfhocail Gaeilge atá ar eolas agat?
- Luann Darach na rólanna a bhíonn i gceist chun dráma a chruthú – an raibh gach ról aimsithe agat roimh ré?

## I ndiaidh féachaint ar an ngearrscannán

Ag leanúint ar aghaidh le smaointí eile

- Caithfidh Darach é féin agus a fhoireann a bhainistú gach lá. Ar mhaith leat post mar sin? Cén fáth?
- Scríobh síos trí cheist a chuirfeá ar Darach nó duine eile ón gcomhlacht Fibín maidir lena bpost.
- An bhfuil tú ag déanamh staidéir ar aon dráma faoi láthair? Conas a chuirfeá páirt den dráma sin ar siúl ar an stáitse? Cén sórt 'props' nó soilse a bheadh i gceist?
- Smaoinigh ar dhráma beag le cruthú anois. Cén áit a thosófá agus tú i mbun scríbhneoireachta? Suíomh? Carachtair? Plota?



**Darach Ó Tuairisg**

Amharclannaíocht & Drámaíocht

Arts in Action
Short film series

Ar bhain tú úsáid as an treoirleabhar seo i do sheomra ranga? Déan clibeáil orainn ar Twitter @JuniorCycleArts nó seol ríomhphost chuig info@jct.ie



Clár Éire Ildánach Creative Ireland Programme 2017–2022
Rialtas na hÉireann Government of Ireland
An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí Junior CYCLE for teachers